Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2022
(OR. en)

14833/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0104(COD)**

CODEC 1758
DRS 62
EF 341
ECOFIN 1171
SUSTDEV 198
COMPET 904
EMPL 432
SOC 629

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 21 Aibreán 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 50 agus 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 22 Meán Fómhair 2021[2].

3. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 7 Meán Fómhair 2021[3].

[1] 8132/21 + COR 1 + ADD 1-3 + ADD 1-3 COR 1.
[2] IO C 517, 22.12.2021, lch. 51.
[3] IO C 446, 3.11.2021, lch. 2.

4. An 10 Samhain 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 35/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 14559/22.